C/2023/870

8.12.2023

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle — Treoirlínte do Bheartais Fostaíochta na mBallstát

[COM(2023) 599 final – 2023/0173 (NLE)]

(C/2023/870)

Rapóirtéir: **Carlos Manuel TRINDADE**

Comhairliúchán	Comhairle an Aontais Eorpaigh, 9.6.2023
Bunús dlí	Airteagal 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
An rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	5.9.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	20.9.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	581
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	197/2/5

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Is díol sásaimh do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát. Beidh fiúntas sna treoirlínte seo mar phointe tagartha chun poist ardcháilíochta a chruthú i ngeilleagar iomaíoch atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí de. Is den ríthábhacht na beartais fostaíochta a chomhordú agus faireachán a dhéanamh ar tháscairí sóisialta na mBallstát má táthar chun cóineasú aníos idir na Ballstáit a chur chun cinn agus na héagothromaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha a laghdú.

1.2. Tá CESE ag iarraidh ar na Ballstáit an prionsabal maidir le cóineasú aníos a chur i bhfeidhm i dtaca le hoibriú an mhargaidh saothair. Chuige sin, tá sé ag iarraidh ar an gCoimisiún próiseas a fhorbairt leis an bprionsabal sin a chur chun feidhme.

1.3. Tá sé á thaibhsiú do CESE nach inniu ná amárach a bheidh deireadh leis an éagobhsaíocht pholaitiúil ná leis na hardleibhéil bhoilscithe agus rátaí úis atá ag cur isteach ar chumhacht cheannaigh na saoránach agus ar iomaíochas na ngnólachtaí, rud a fhágann, freisin, go bhfuil difear á dhéanamh do chinntí infheistíochta san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí. Mar gheall ar na deacrachtaí sin, d'fhéadfadh sé go mbainfí suaitheadh as cur chun feidhme treoirlínte beartas fostaíochta sna Ballstáit, baint amach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus cur i gcrích na spriocanna atá ann do 2030.

1.4. Agus an scéal amhlaidh, creideann CESE gur riachtanaí fós gníomh a dhéanamh chun cur le ról na gcomhpháirtithe sóisialta agus lena rannpháirtí a bhíonn siad i ndearadh agus i gcur chun feidhme athchóirithe agus beartas fostaíochta, sóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear trí chur lena n-acmhainneacht.

1.5. Tá CESE ag iarraidh ar na Ballstáit timpeallacht chumasúcháin a chruthú, ar a n-áirítear i dtaca le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a bhíonn ag plé le saincheisteanna fostaíochta agus sóisialta.

1.6. Tá sé á chur in iúl an athuair ag CESE gur údar imní dó na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann dá gcuirfí na rialacha fioscacha a bhí ar fionraí le blianta beaga anuas i bhfeidhm arís in 2024. Tarraingíonn CESE aird ar an seasamh a ghlac sé le déanaí maidir le hathruithe ar chreat fioscach an Aontais, mar atá: in aon chreat fioscach AE, caithfear (a) na hinfheistíochtaí poiblí a neartú, (b) solúbthacht thimthriallach bhreise a chur san áireamh agus (c) solúbthacht bhreise agus difreáil thírshonrach a cheadú a mhéid a bhaineann le conairí coigeartaithe fiachais, agus an inbhuanaitheacht fhioscach á ráthú san am céanna [1].

[1] Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa Athstruchtúrú chreat fioscach an Aontais le haghaidh téarnamh inbhuanaithe agus aistriú cóir (níl leagan Gaeilge ann, teideal aistrithe) (IO C 105, 4.3.2022, lch. 11).

1.7. Creideann CESE go láidir nach réiteach í an déine, mar is léir ón am atá thart. Is éard atá ag teastáil ina hionad sin beartais phoiblí inbhuanaithe atá bunaithe ar an dlúthpháirtíocht agus atá cosúil leo siúd a cuireadh chun feidhme le linn na paindéime agus nuair a thosaigh an cogadh.

1.8. Molann CESE rochtain ar an margadh saothair a éascú trí, thar aon ní eile, cur le ráta rannpháirtíochta na mban, na ndaoine óga, daoine atá faoi mhíchumas, daoine neamhghníomhacha, saoránach ar bheagán oiliúna, daoine ó thíortha nach tíortha de chuid an Aontais iad agus daoine ó ghrúpaí leochaileacha eile. Ar an gcaoi sin, chothófaí inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus shóisialta na ngnólachtaí, chabhrófaí le fostaithe cur lena gcuid cáilíochtaí agus chuirfí feabhas ar na dálaí oibre. D'fhéadfaí an sprioc sin a chur i gcrích trí leas iomlán a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha agus as na huirlisí inbhuanaitheachta comhshaoil a glacadh agus tríd an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn. Ba cheart don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit cuidiú leis an bhfostaíocht inbhuanaithe sna réigiúin tuaithe, go háirithe trí chur le hiomaíochas na FBManna agus na micrifhiontar agus tríd an táirgeadh réigiúnach a mhéadú, cuir i gcás trí thacú le fiontair an gheilleagair shóisialta agus tríd an bhfiontraíocht a chur chun cinn, ar a n-áirítear trí bheartas cánach iomchuí a thabhairt isteach agus trí chistí tacaíochta a chur ar bun.

1.9. Tugann CESE dá aire go bhfuil sé ríthábhachtach cur leis an soláthar saothair agus an rochtain ar feadh an tsaoil ar an bhfostaíocht, scileanna agus inniúlachtaí a fheabhsú. Fágann sé sin nach mór é a bheith ar chumas na mBallstát pleanáil a dhéanamh i leith chomhordú éifeachtach na mbeart chun infheistíocht a dhéanamh san oiliúint agus sa mhargadh saothair, ar bearta iad a bhforáiltear dóibh sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta agus sna cistí struchtúracha. I bhfianaise na mearfhorbairtí teicneolaíochta agus an aistrithe ghlais, is tábhachtaí fós an ceart chun foghlama ar feadh an tsaoil a aithint agus a áirithiú, rud is gá a dhéanamh i leith na rochtana fiúntaí ar oideachas ardcháilíochta, oiliúint ardcháilíochta agus uas-sciliú freisin. Tarraingt ar náisiúnaigh tríú tír agus cáilíochtaí fostaithe a aithint, is dhá shlí thábhachtacha iad sin le ganntanais saothair a chur ina gceart agus leis an imeascadh sa mhargadh saothair a fheabhsú.

1.10. A mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar fheidhmiú na margaí saothair agus ar éifeachtacht an idirphlé shóisialta, is mian le CESE barúlacha áirithe a chuir sé in iúl roimhe seo a athdhearbhú, eadhon ([2]):

— ní mór do gach Ballstát bearta maidir le sábháilteacht agus cosc rioscaí a ghlacadh mar bhonn le cultúr coisc níos forleithne a chur chun cinn, ar gné bhunúsach é sin chun 'cultúr oibre' a scaipeadh agus a chomhroinnt;

— is colún tábhachtach d'inbhuanaitheacht agus athléimneacht gheilleagair na hEorpa iad an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil, ach tá gá le creat náisiúnta rialála agus institiúideach lena n-éascófar agus lena dtacófar le córais caidrimh thionsclaíoch i roinnt Ballstát go fóill.

1.11. Maidir leis an gcomhionannas deiseanna do chách a chur chun cinn, an cuimsiú sóisialta a chothú agus an bhochtaineacht a chomhrac, is mian le CESE a athdhearbhú go bhfuil sé an-tábhachtach beartais éifeachtacha a cheapadh i dtaca leis an gcuimsiú, ar a n-áirítear bearta iomchuí do dhaoine ar bheagán oiliúna agus do dhaoine neamhghníomhacha chun gur fusa dóibh a bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair agus chun feabhas a chur ar a n-infhostaitheacht. Is den ríthábhacht é bearta den sórt sin a ghlacadh d'fhonn an riosca a chur ar ceal go bhfágfaí a thuilleadh oibrithe ar ioncam íseal i ngreim ag an mbochtaineacht ('bochtaineacht nua'), i gcomhar le beartais chomhsheasmhacha eile i gcoinne na bochtaineachta.

Is mian le CESE na tuairimí thíos a athdhearbhú chomh maith ([3]):

1.11.1. tá gá le gníomhaíocht chomhpháirteach trí bhíthin ionstraimí beartais éagsúla agus bearta arna gcaibidliú ag na comhpháirtithe sóisialta chun an bhochtaineacht i measc an lucht oibre a mhaolú. Chomh maith leis an bpá cuibhiúil, ar a n-áirítear an pá íosta leordhóthanach, is féidir dreasachtaí airgeadais dea-cheaptha sealadacha a áireamh sna hionstraimí beartais sin, mar aon le bearta spriocdhírithe éifeachtacha maidir le forbairt scileanna agus uas-sciliú. Ba cheart tacú leis na Ballstáit sna próisis sin;

1.11.2. thar ní ar bith eile, is den tábhacht tacaíocht spriocdhírithe a thabhairt do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus/nó do dhaoine neamhghníomhacha, ós fearr an seans a bheidh acu dul isteach (athuair) sa mhargadh saothair agus is beart tábhachtach é sin a chuideoidh le hoibrithe a bpoist a choinneáil. Á chur san áireamh gur bhuail an phaindéim buille trom ar dhaoine óga go háirithe, tá bearta sonracha de dhíth;

([2]) Tuairim ó CESE *Treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát* (2021), (IO C 517, 22.12.2021, lch. 97).

([3]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát [COM(2022) 241 final (IO C 486, 21.12.2022, lch. 161).

1.11.3. ní mór dúthracht a chaitheamh lena n-ionad ar an margadh saothair a thabhairt ar ais dóibh siúd is sia ar shiúl uaidh ionas gur féidir an ráta neamhghníomhaíochta a ísliú. Tá tábhacht ar leith leis sin nuair a chuimhnítear ar an nganntanas mór lucht saothair atá ag goilleadh ar an Aontas ina iomláine i láthair na huaire. Ba cheart na Ballstáit a spreagadh, go háirithe iad siúd a chruthaigh go holc ar an Scórchlár Sóisialta, freisin trí úsáid chomhsheasmhach a bhaint as acmhainní AE, chun creat cumasúcháin a éascú d'fhostóirí ionas gur féidir leo daoine faoi mhíchumas a fhostú nó chun deiseanna féinfhostaíochta a chur i ngníomh, nuair is féidir sin. Tá eintitis an gheilleagair shóisialta ríthábhachtach i ndáil leis sin.

2. **Barúlacha ginearálta agus cúlra**

2.1. Áirítear i 'Pacáiste an Earraigh' atá mar chuid den Seimeastar Eorpach teachtaireacht a bhaineann lena phríomhghnéithe, in éineacht leis na tuarascálacha agus na moltaí sonracha le haghaidh na 27 mBallstát go léir ([4]).

2.2. Is ionann an togra ón gCoimisiún Eorpach maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát a eisíodh in 2023 agus an togra a d'fhoilsigh sé in 2022, mar is ionann comhthéacs don dá cheann acu, go háirithe na gnéithe sin a bhaineann le hionradh na Rúise ar an Úcráin.

2.3. Tá ag éirí níos fearr leis an Aontas ó thaobh na feidhmíochta de ná mar a bhíothas ag súil leis i dtaca leis an tréimhse seo, i.e. i ndiaidh na paindéime agus le linn an chogaidh san Úcráin, agus, tar éis go bhfuil an fás níos moille in 2023 (1,0 % in 2023 le hais 3,5 % in 2022), táthar á thuar go mbeidh fás 1,7 % ann in 2024. Mar sin féin, mar gheall ar an gcogadh nach bhfuil deireadh leis agus an boilsciú atá ag dul in airde gan stad, chonacthas caillteanais shuntasacha ó thaobh cumhacht cheannaigh de ([5]), rud atá ina dhúshlán go fóill do ghnólachtaí agus go háirithe do FBManna agus micrifhiontair.

2.4. Mar thoradh ar arduithe ar na rátaí úis, tá curtha isteach ar leibhéil infheistíochta, go mór mór do FBManna agus do mhicrifhiontair, agus freisin ar chostais tithíochta, rud a dhéanann difear d'iomaíochas na ngnólachtaí agus cumhacht cheannaigh na dteaghlach agus a fhágann go bhfuil sé níos deacra do gheilleagar na hEorpa poist a chruthú agus caighdeáin chuibhiúla mhaireachtála a áirithiú. Ina fhianaise sin, is baolach nach mbainfear amach na spriocanna atá ag an Eoraip do 2030.

2.5. Is mian le CESE an pointe seo a leanas a athdhearbhú: 'Agus é d'aidhm acu an chuimsitheacht agus an chothroime a áirithiú, ba cheart léiriú a thabhairt freisin i mbeartais fostaíochta na mBallstát ar na forbairtí eacnamaíocha agus sóisialta atá tarlaithe. Ba cheart measúnú cáiréiseach a dhéanamh ar an tionchar ag bheidh ag beartais maidir leis an margadh saothair ionas go spreagfaidh siad téarnamh inbhuanaithe seachas rátaí fostaíochta laghdaithe, poist ar chaighdeán níos ísle agus cumhacht cheannaigh laghdaithe do dhaoine aonair. Ba cheart tuilleadh airde a thabhairt ar ghanntanas lucht saothair agus scileanna agus ba cheart moltaí sonracha beartais maille le tionscnaimh shonracha bheartais a chur i ngníomh i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta' ([6]).

2.6. Tugann CESE dá aire ([7]) nár baineadh amach an cóineasú aníos idir na Ballstáit a mhéid a bhaineann le feidhmiú an mhargaidh saothair agus tá sé ag iarraidh ar na Ballstáit na treoirlínte fostaíochta a chur i bhfeidhm agus deimhin a dhéanamh de go gcuirfear an cóineasú sin i gcrích.

2.7. Tugann CESE dá aire go bhfuil nasc díreach idir na treoirlínte fostaíochta agus critéir an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis (CCF), óir forchuireann sé ar na Ballstáit uasteorainneacha easnaimh 3 % agus uasteorainneacha fiachais rialtais 60 % dá n-olltáirgeacht intíre (OTI) faoi seach. Cuireadh na rialacha sin ar fionraí idir 2020 agus 2022 agus arís eile in 2023, i ndiaidh na paindéime agus le linn an chogaidh san Úcráin. Mar gheall ar na tarluithe sin, tá méadú tagtha ar phraghsanna fuinnimh agus bia, rud a fhágann go bhfuil boilsciú ard ann agus go bhfuil na rátaí úis ag fás, rud a dhéanann difear do sheirbhísiú fiachais, easnaimh agus infheistíocht phoiblí sna Ballstáit.

2.8. Agus gan deireadh ag teacht leis an éiginnteacht, an boilsciú ná na rátaí arda úis, luíonn sé le ciall go leanfar ar aghaidh le beartais phoiblí a thacaíonn le teaghlaigh agus le gnólachtaí, rud a d'fhágfadh gur ghá an caiteachas poiblí a mhéadú, b'fhéidir, nó, ar a laghad, gan laghdú a chur air. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfar meastóireacht ar éifeachtacht na mbeartas poiblí, lena n-áirítear smaointe le haghaidh taiscí/ath-leithdháiltí a d'fhéadfaí a dhéanamh, chun a áirithiú go mbeidh siad dea-cheaptha agus go mbainfear amach na torthaí a bhfuiltear ag súil leo.

([4]) COM(2023) 600 final, 24.5.2023; COM(2023), 599 final, 24.5.2023.
([5]) Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, 2023, (COM(2022) 783 final), lch. 21.
([6]) IO C 486, 21.12.2022, lch. 161.
([7]) Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, 2023,(COM(2022) 783 final).

2.9. I bhfianaise gach ar tharla roimhe seo, áfach, is díol mór imní do CESE na bearta déine féideartha agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar chur chun feidhme na dtreoirlínte fostaíochta dá gcuirfí rialacha CCF i bhfeidhm arís in 2024, rud atá beartaithe ag an gCoimisiún a mholadh ([8]).

2.10. Leis na rialacha nua atá beartaithe ([9]), tá sé i gceist go dtíolacfaidh an Coimisiún conair thagartha don choigeartú fioscach, ar feadh tréimhse ceithre bliana, bunaithe ar a mhodheolaíocht anailíse ar inbhuanaitheacht an fhiachais. Tá gach Ballstát le plean don mheántéarma a chur isteach ina leagtar amach a chonair fhioscach chomh maith lena ghealltanais infheistíochta poiblí tosaíochta agus a ghealltanais athchóirithe tosaíochta lena n-áirithítear, ar iad a thógáil le chéile, laghdú marthanach de réir a chéile ar fhiacha agus fás inbhuanaithe cuimsitheach. Ar an gcuma sin, seachnófar beartas fioscach comh-thimthriallach, chomh maith le gealltanais athchóirithe agus infheistíochta atá ró-leathan, lena n-áirítear i ndáil leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, leis an athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch agus le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Chun gur féidir treoir a thabhairt do na Ballstáit agus a bplean struchtúrach fioscach don mheántéarma á dhréachtú acu, tá an Coimisiún chun conair theicniúil a mholadh, rud a áiritheoidh go laghdófar an t-easnamh rialtais go leibhéal faoi bhun 3 % de luach tagartha OTI agus go gcoinneofar ag an leibhéal sin é. Is údar imní do CESE go gcuirfeadh an riail nua atá beartaithe ag an gCoimisiún de cheangal ar na Ballstáit arb airde ná 3 % de OTI an t-easnamh atá acu laghdú 0,5 %, ar a laghad, a dhéanamh ar an easnamh sin in aghaidh na bliana. Chiallódh sé sin go mbeadh ar gach ceann de na 14 Bhallstát i gceist laghdú a dhéanamh ar a gcaiteachas, an caiteachas sin a ath-leithdháileadh agus/nó cánacha a mhéadú.

2.11. Maidir leis sin, cuireann CESE chun suntais gur cheart don Aontas féachaint chuige nach gcruthófar an timpeallacht chéanna eacnamaíoch agus shóisialta agus a bhí ann i rith ghéarchéim na bliana 2008, tráth a chuaigh Ballstáit áirithe i muinín na déine leis an scéal a réiteach. I ngeall air sin, chuaigh an-chuid FBManna chun féimheachta, laghdaíodh an méid post a bhí ann i dteannta an phá a ghabh leo, chuaigh an bhochtaineacht i méid, fágadh seirbhísí poiblí gan a ndóthain maoinithe agus cuireadh isteach ar an rochtain a bhí ag daoine ar chúram sláinte agus ar oideachas. Inniu, cúig bliana déag níos déanaí, agus géarchéim eisigineach eile (an cogadh) buailte linn, d'fhéadfadh an déine cur isteach go mór ar chur chun feidhme na dtreoirlínte fostaíochta, ar an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus ar chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

2.12. Faoin gcreat reatha, tá CESE ag iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún na tograí seo a leanas a chur san áireamh mar is ceart: (i) féachaint cé chomh féideartha agus atá sé 'riail óir i leith na hinfheistíochta poiblí' a thabhairt isteach ionas go mbeidh na Ballstáit in acmhainn maoiniú leordhóthanach a leithdháileadh ar mhaithe leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus le spriocanna an Aontais a bhaint amach; (ii) sásraí dlúthpháirtíochta rathúla AE a choinneáil, cuir i gcás an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta; agus (iii) a áirithiú go gcomhlíonfar sna Ballstáit na coinníollacha faoinar féidir rochtain a fháil ar mhaoiniú poiblí agus nach dtabharfar rochtain ar an maoiniú sin do chuideachtaí nach mbeidh na hoibleagáidí cánach atá orthu ná an reachtaíocht i réimse an tsaothair á gcomhlíonadh acu.

3. **Barúlacha sonracha**

3.1. *Treoirlíne 5: Borradh a chur faoin éileamh ar shaothar*

3.1.1. Ba cheart do na Ballstáit díriú go sonrach agus go gníomhach ar gheilleagar margaidh inbhuanaithe sóisialta a chur chun cinn agus tacú leis an infheistíocht i gcruthú post ardcháilíochta, agus leas á bhaint as acmhainneacht an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais, d'fhonn na spriocanna fostaíochta do 2030 a bhaint amach. Ba cheart dóibh díriú freisin ar mhéadú a dhéanamh ar ráta rannpháirtíochta na mban, na ndaoine óga, daoine atá faoi mhíchumas, daoine neamhghníomhacha, saoránach ar bheagán oiliúna, daoine ó thíortha nach tíortha de chuid an Aontais iad agus daoine ó ghrúpaí leochaileacha eile ([10]), á áirithiú go mbeadh seirbhísí agus bearta leordhóthanacha fostaíochta ar fáil chomh maith.

3.1.2. In 2021, bhí ráta neamhghníomhaíochta os cionn 30 % i gcúig cinn de na Ballstáit ([11]), rud nach féidir glacadh leis. Maidir leis sin, tá CESE ag iarraidh go rachaidh na Ballstáit i mbun gnímh go pras agus go molfar bearta éifeachtacha ar mhaithe leis an ráta neamhghníomhaíochta a laghdú agus tuilleadh daoine atá ar shiúl ón margadh saothair a thabhairt ar ais chuige.

3.1.3. Creideann CESE gur cheart do na Ballstáit dlús a chur le cur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus úsáid a bhaint as na huirlisí maoiniúcháin atá ar fáil chun an infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a mhéadú. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta rannpháirteach i gcur chun feidhme na bpleananna sin ar mhaithe le héifeachtacht agus breisluach na réiteach atá beartaithe. Tá CESE den tuairim go bhfuil sé d'aidhm ag cistí poiblí cruthú post ardcháilíochta a chur chun cinn, agus béim ar leith á cur ar dhaoine óga, ar mhná agus ar dhaoine atá faoi mhíchumas, agus gur cheart an rochtain ar chistí den sórt sin a bheith nasctha go díreach leis sin.

([8]) COM(2023) 600 final, lch. 12.

([9]) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97, ón gComhairle, (COM (2023) 240 final, 2023/0138 (COD)).

([10]) Treoirlíne 5.

([11]) Roinn Taighde Statista, Share of population economically inactive in European countries in 2022, agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, (COM(2022) 783 final), lch. 24.

3.1.4. Tá laghdú ag teacht ar an bhfás eacnamaíoch agus ar phá i dtéarmaí réadacha fud fad na mBallstát de dheasca an bhoilscithe agus na rátaí úis ([12]), rud a fhágann ardráta oibrithe bochta san Eoraip i gcónaí. Tacaíonn CESE leis an iarraidh ar na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar thionchar an bhrú bhoilscithigh agus é a laghdú, go háirithe ar fhuinneamh, bia agus cumhacht cheannaigh na dteaghlach, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh agus trí thacaíocht a thabhairt do bhearta maidir le tomhaltas fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh. Ba cheart do na Ballstáit an chómhargáil agus forbairt pá a chur chun cinn, lena n-áirítear trí bhíthin pá íosta reachtúil, rud a chosnódh cumhacht cheannaigh, go háirithe cumhacht cheannaigh na n-oibrithe ar phá íseal, agus a d'urramódh san am céanna neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta agus na gcleachtas náisiúnta.

3.1.5. Athdhearbhaíonn CESE an seasamh a glacadh i dtuairim SOC/737 ([13]) maidir leis an ngá atá le hinfheistíocht a dhéanamh i gcónaí i gcultúr ina ndéantar tionóiscí, galair cheirde agus rioscaí san ionad oibre a chosc (pointe 3.1.6), maidir leis an bpá íosta (pointe 3.1.7) agus maidir le neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta agus an chómhargáil (pointe 3.1.8).

3.2. *Treoirlíne 6: An soláthar saothair a fheabhsú agus feabhas a chur ar an rochtain ar fhostaíocht, agus ar shealbhú scileanna agus inniúlachtaí ar feadh an tsaoil*

3.2.1. Tá CESE á chur in iúl an athuair go dtacaíonn sé leis an iarraidh ón gCoimisiún go ndéanfaidh na Ballstáit an inbhuanaitheacht, an infhostaitheacht agus caipiteal daonna a chur chun cinn trí shealbhú scileanna ar feadh an tsaoil a chothú agus trí fhreagairt do na riachtanais atá sa mhargadh saothair faoi láthair agus dóibh siúd a bheidh ann lá is faide anonn, d'fhonn príomhsprioc an Aontais do 2030 maidir le scileanna a bhaint amach. Aontaíonn sé freisin leis an iarraidh ar na Ballstáit na córais oideachais agus oiliúna a nuachóiriú agus infheistíocht a dhéanamh iontu le go mbeidh oideachas ardcháilíochta cuimsitheach ar fáil, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus chun go mbeidh rochtain ar scileanna digiteacha, teangeolaíocha agus fiontraíochta chomh maith. In ainneoin go bhfuil saol na hoibre ag athrú, tá tábhacht le scileanna amhail réiteach fadhbanna, an chruthaitheacht agus an nuálaíocht fós.

3.2.2. Ar bhonn Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2023, tugadh roinnt gnéithe tábhachtacha maidir leis an staid reatha chun léire, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

3.2.2.1. b'ionann agus 9,7 % ráta luathfhágála an oideachais agus na hoiliúna in 2021, agus éagsúlachtaí ann idir na Ballstáit, na réigiúin agus na codanna sin den daonra is mó atá faoi mhíbhuntáiste, mar a bhfuil an ráta is airde luathfhágála;

3.2.2.2. is toradh an neamhionannas ó thaobh torthaí foghlama de fós ar dhifríochtaí socheacnamaíocha: ní éiríonn le 22 % de dhéagóirí 15 bliana d'aois na híoschaighdeáin foghlama (sa léamh, sa mhatamaitic agus san eolaíocht) a bhaint amach. Is sárú é sin ar na spriocanna atá ag an Eoraip do 2030, agus uasteorainn 15 % leagtha síos mar sprioc ina leith sin. Is mó na difríochtaí idir na rátaí sin sna codanna den daonra is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Réiteach féideartha ar an scéal sin ba ea an fhoghlaim agus athbheocht a chur sna gairmeacha beatha traidisiúnta agus sna scileanna traidisiúnta;

3.2.2.3. níl sciar na ndaltaí sa chéad/dara bliain den mheánscoil (13 nó 14 bliana d'aois) atá cumasach ó thaobh scileanna digiteacha de sásúil go fóill, agus a rá go bhfuil sciar na ndaltaí atá lagchumasach sa litearthacht ríomhaireachta fós os cionn 15 %, bíodh agus go bhfuil ag éirí níos fearr leis na cailíní sa réimse seo (amuigh is istigh ar 10 bpointe céatadáin);

3.2.2.4. in ainneoin gur tháinig méadú ar an oideachas treasach, agus ráta gnóthachtála 41,2 % san Aontas in 2021, níl deireadh go fóill leis na héagothromaíochtaí ó Bhallstát go Ballstát agus idir na hinscní;

3.2.2.5. is airde an ráta rannpháirtíochta san oiliúint aosach i ngach Ballstát i gcás na ndaoine is mó a bhfuil oideachas orthu i gcoitinne agus téann an ráta sin i laghad de réir mar a laghdaíonn leibhéil oideachais na ndaoine, agus éagothromaíochtaí ann idir na Ballstáit, idir ceantair uirbeacha agus thuaithe agus i measc na gcodanna den phobal is mó atá faoi mhíbhuntáiste, mar a mbraitear an bhearna, thar ghrúpa ar bith eile. Creideann CESE gur cheart úsáid teicneolaíochtaí i gceantair thuaithe a neartú le dea-bhonneagar, rud a thacódh leis an oideachas agus an oiliúint ar líne mar aon leis na gnólachtaí cianda a d'fhéadfadh teacht chun cinn;

3.2.2.6. in 2021, ní raibh scileanna bunúsacha digiteacha ach ag 54 % de na daoine fásta san Aontas, figiúr atá go mór faoi bhun na sprice 80 % do 2030;

([12]) Is sa Pholainn, san Ungáir agus sa Bhulgáir amháin a chonacthas gnóthachain réadacha idir 2021 agus R3-2022 (An Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, lch. 41).

([13]) IO C 486, 21.12.2022, lch. 161.

3.2.2.7. ar an iomlán, tá feabhas tagtha ar chás na ndaoine óga, bíodh agus gur minic fostaíocht fhorbhásach ísealchaighdeáin ar siúl acu, áfach: thit an ráta dífhostaíochta i ndáil le daoine óga idir 15 agus 24 bliana d'aois ó 19,1 % (R3-2020) go 15,3 % (R3-2022). Tá an ráta sin nach mór trí huaire níos airde ná an ráta i ndáil le daoine idir 25 agus 74 bliana d'aois (5,2 %), agus tá éagothromaíochtaí fós ann idir na Ballstáit. Measann CESE go bhfuil sé tábhachtach an creat cáilíochta le haghaidh tréimhsí oiliúna a thabhairt cothrom le dáta chun cabhrú le daoine óga dul isteach sa mhargadh saothair;

3.2.2.8. d'fhan sciar na ndaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna ag 13,1 %, agus tá éagothromaíochtaí fós ann idir na Ballstáit. Tá difríochtaí idir na mná agus na fir (14,5 % le hais 11,8 %) agus idir daoine óga ó thríú tíortha agus daoine óga ón Aontas (24,7 % le hais 12,3 %). Tá CESE den tuairim gur gá aghaidh a thabhairt ar na héagothromaíochtaí fostaíochta idir limistéir thuaithe agus limistéir uirbeacha trí bhíthin beartais phoiblí iomchuí. Aithníonn CESE go bhfuil gealladh nach beag faoin oiliúint sealaíochta a mhéid a bhaineann le daoine a spreagadh le dul isteach sa mhargadh saothair agus cur lena líon agus, ar an ábhar sin, tá sé ag iarraidh ar na Ballstáit an uirlis sin a threisiú agus a chur chun feidhme;

3.2.2.9. tá difríochtaí móra fós ann maidir le rátaí fostaíochta na n-inscní san Aontas (78,5 % i gcás na bhfear agus 67,7 % i gcás na mban) agus tá an bhearna phá idir na hinscní cothrom le 13 % i gcónaí (2020);

3.2.2.10. d'imigh ardú ar an ráta fostaíochta i dtaca leis na daoine scothaosta (idir 55 agus 64 bliana d'aois) go dtí 60,5 % in 2021 (méadú arb ionann é agus 1,3 pointe céatadáin le hais 2020 agus 15,4 pointe céatadáin le hais deich mbliana ó shin). I gcás an daonra scothaosta, ba chóir a thabhairt faoi deara gur mhó de mhéadú a tháinig ar ráta fostaíochta na mban ná na bhfear. Tá éagothromaíochtaí móra idir na Ballstáit (tá rátaí os cionn 70 % ag tíortha i dTuaisceart an Aontais fad atá rátaí faoi bhun 50 % i dtíortha eile);

3.2.2.11. san Aontas Eorpach, tá difríocht 10,8 pointe céatadáin idir na rátaí fostaíochta i dtaca le daoine ón Aontas agus daoine ó thríú tíortha (74,2 % le hais 63,4 %), agus éagothromaíochtaí ann idir na Ballstáit ([14]). Tugtar faoi deara gurb é 54,7 % an ráta fostaíochta a bhaineann leis na daoine ón Aontas atá ar bheagán oideachais. Ar an taobh eile den scéal, is ar éigean a bhíonn aon difríochtaí idir rátaí fostaíochta na ndaoine a bhfuil ardleibhéil oideachais bainte amach acu. Tá CESE ag iarraidh ar na Ballstáit tarraingt ar oibrithe oilte ó thríú tíortha chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair d'fhonn coinníollacha cuibhiúla oibre agus tithíochta a áirithiú, mar aon le coinníollacha sóisialta eile, agus rochtain ar an tsaoránacht a áirithiú ach na coinníollacha ábhartha is gá chuige sin a chomhlíonadh.

3.2.2.12. tá deis mhór ann le borradh a chur faoi rannpháirtíocht daoine atá faoi mhíchumas sa mhargadh saothair, ós rud é go bhfuil na difríochtaí idir na rátaí fostaíochta chomh hard le 23 phointe céatadáin, agus éagothromaíochtaí suntasacha le sonrú idir na Ballstáit. Tá sé á chur i bhfáth ag CESE gur coinníoll mórthábhachta é chun fostaíocht daoine atá faoi mhíchumas a mhéadú na scileanna a bheith acu atá ag teastáil ó fhostóirí, go minic i gcomhthéacs na margaí saothair áitiúla. Tá deiseanna nua acu freisin rochtain a fháil ar an margadh saothair a bhuíochas sin ar an teilea-obair. Tá CESE ag iarraidh ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo.

3.2.3. Athdhearbhaíonn CESE an seasamh a glacadh i dtuairim SOC/737 maidir leis an ngá atá le sealbhú scileanna agus an oiliúint ar feadh an tsaoil (pointe 3.2.1), maidir le ganntanais ghéara lucht saothair agus easpa infheistíochta san fhoghlaim aosach (pointe 3.2.4), maidir leis an ngá atá le scileanna a mhéadú sna Ballstáit uile (pointe 3.2.7) agus maidir leis an mbearna phá idir na hinscní (pointe 3.2.9).

3.3. *Treoirlíne 7: Feabhas a chur ar fheidhmiú na margaí saothair agus ar éifeachtacht an idirphlé shóisialta*

3.3.1. Tacaíonn CESE leis an iarraidh go n-oibreoidh na Ballstát as lámh a chéile leis na comhpháirtithe sóisialta d'fhonn dálaí oibre cothroma, trédhearcacha agus intuartha a leagan síos, rud a d'áiritheodh cothromaíocht idir cearta agus oibleagáidí na bhfostóirí agus na n-oibrithe. Ba cheart do na Ballstáit beartais agus bearta iomchuí a mholadh chun deighiltí sna margaí saothair a laghdú agus a chosc, an obair neamhdhearbhaithe agus an fhéinfhostaíocht bhréagach a chomhrac, agus an t-aistriú chuig cineálacha fostaíochta nach bhfuil dáta deiridh leo a chothú. Ag obair dóibh i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, ba cheart do na Ballstáit feidhmiú na margaí saothair agus éifeachtacht an idirphlé shóisialta a fheabhsú ([15]).

([14]) An Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, COM(2022) 783 final,.
([15]) Treoirlíne 7.

3.3.2. Ar bhonn Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2023, tugadh roinnt gnéithe tábhachtacha maidir leis an staid reatha chun léire, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

3.3.2.1. mhéadaigh sciar na bhfostaithe idir 20 agus 64 bliana d'aois ar chonarthaí sealadacha go 11,2 %. Tá rátaí arda oibre sealadaí (os cionn 15 %) i roinnt Ballstát i dteannta rátaí ísle aistrithe go conarthaí buana (faoi bhun 30 %);

3.3.2.2. is forleithne conarthaí sealadacha le haghaidh obair ghníomhaireachta i measc daoine óga idir 15 agus 24 bliana d'aois (48,9 %), ar ráta é sin atá 37 bpointe céatadáin os cionn daoine idir 25 agus 54 bliana d'aois agus 42,7 pointe céatadáin os cionn daoine idir 55 agus 64 bliana d'aois. Tá difríochtaí móra idir rátaí na mBallstát, a théann ó 3 % go dtí 55 %. Chuaigh an bhearna idir na hinscní san obair shealadach in airde de bheagán agus tá difríochtaí ann idir na Ballstáit;

3.3.2.3. mhéadaigh an fhostaíocht shealadach ainneonach go 7,8 %, agus tá éagothromaíochtaí fós ann idir na Ballstáit;

3.3.2.4. b'ionann ráta na hoibre páirtaimseartha agus 17,2 %, agus tá éagothromaíochtaí suntasacha idir na Ballstáit. Go ginearálta, obair ainneonach is ea sciar suntasach den obair pháirtaimseartha a dhéantar sna Ballstáit. Creideann CESE gur cheart fáil réidh leis na bacainní a chuireann daoine ó roghanna eile a dhéanamh. Ba cheart na hacmhainní is gá a thabhairt dóibh chun cothromaíocht oibre is saoil a bhaint amach, chomh maith le seirbhísí tacaíochta teaghlaigh. Thar aon ní eile, is tábhachtach cúram a bheith ar fáil do leanaí agus do dhaoine scothaosta;

3.3.2.5. féinfhostaíocht (gan fostaithe) atá i gceist le 9 % den fhostaíocht iomlán i measc daoine idir 20 agus 64 bliana d'aois san Aontas. Tá difríochtaí idir na Ballstáit;

3.3.2.6. tá méadú tagtha ar ghnó ardán digiteach san Aontas: meastar gur tháinig méadú ar a n-ioncam ó EUR 3 bhilliún in 2016 go dtí EUR 14 bhilliún in 2020 (méadú faoi 4,7). Tháinig méadú ar a mbrabúis chomhdhlúite sa tréimhse chéanna ó EUR 2,6 billiún go dtí EUR 6,3 billiún (méadú faoi 2,4). Tugann naoi n-ardán as gach deich n-ardán san Aontas aicmiú féinfhostaithe dá n-oibrithe. Mar atá tugtha faoi deara ag an gCoimisiún Eorpach i gcás an 28 milliún oibrí san iomlán atá i gceist ([16]), 'meastar go bhfuil suas le 5,5 milliún duine atá ag obair trí ardáin saothair dhigitigh aicmithe go bréagach mar dhaoine féinfhostaithe, agus nach bhfuil siad i dteideal cearta agus cosaintí fostaithe a bhfuil feidhm acu maidir le daoine eile. Sna cásanna sin, is minic a bhíonn drochdhálaí oibre agus/nó rochtain neamhleor ar chosaint shóisialta acu.' Tá bearta reachtacha glactha ag Ballstáit áirithe féachaint le dálaí oibre ar ardáin a fheabhsú agus, i gcuid eile de na Ballstáit, rinne na comhpháirtithe sóisialta comhaontuithe comhchoiteanna a bhaineann go sonrach leis an earnáil a chaibidliú;

3.3.2.7. bíonn ról lárnach ag cigireachtaí saothair agus ag na ceardchumainn maidir le drochdhálaí oibre a bhrath agus a chosc agus maidir leis an obair neamhdhearbhaithe a chomhrac. Creideann CESE nach mór i bhfad níos mó a dhéanamh sa réimse sin, go mór mór in earnálacha dlúthshaothair ar saintréith díobh an ollfhostaíocht inimirceach. Is díol sásaimh do CESE an dea-obair atá déanta ag an Údarás Eorpach Saothair ina leith sin;

3.3.2.8. tar éis na paindéime, tá glactha go fada fairsing san Aontas leis an teilea-obair mar mhodh oibre agus tá a modhanna éagsúla féin ag na Ballstáit leis an gcineál sin oibre a rialáil, lena n-áirítear tríd an reachtaíocht, an chómhargáil earnála, comhaontuithe comhchoiteanna cuideachta agus comhaontuithe aonair idir na fostóirí agus na hoibrithe. Aithníodh rioscaí áirithe a bheith ann a bhaineann leis an teilea-obair, ina measc diantréimhsí oibre, an leithlisiú, éagothroime oibre is saoil agus rioscaí síceasóisialta. Mar sin féin, baineann mórán deiseanna leis an teilea-obair freisin, go háirithe sa tslí go n-éascaíonn sí rochtain ar an margadh saothair dóibh siúd is sia ar shiúl uaidh, mar shampla daoine faoi mhíchumas nó daoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe. Dá ndéanfaí an teilea-obair a bhainistiú, mar ba cheart, agus pá ceart a thabhairt do dhaoine as an obair sin, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh feabhas ar an gcothromaíocht oibre is saoil;

3.3.2.9. ba é 2,8 % an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí san Aontas Eorpach in 2021. Tá difríochtaí idir na Ballstáit;

3.3.2.10. in 2021, bhí 42,2 % díobh siúd a bhí dífhostaithe go gearrthéarmach san Aontas cumhdaithe ag sochair dhífhostaíochta, agus bhí éagothromaíochtaí suntasacha ann i gcónaí ann idir na Ballstáit (bhí cumhdach os cionn 50 % i roinnt Ballstát le hais cinn eile a raibh cumhdach faoi bhun 25 % acu);

3.3.2.11. tá príomhról ag seirbhísí fostaíochta poiblí, ach tá sé tábhachtach go neartóidh siad a n-acmhainneachtaí agus go gcuirfidh siad dlús lena ngníomhaíochtaí. Ina theannta sin, ba cheart an obair a dhéanann siad le seirbhísí fostaíochta príobháideacha agus le seirbhísí sóisialta a chur chun cinn. Creideann CESE gur cheart an caidreamh leis na comhpháirtithe sóisialta a fhorbairt tuilleadh.

([16]) Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, 2023.

3.3.3. Athdhearbhaíonn CESE an seasamh a glacadh i dtuairim SOC/737 maidir le ról na gcomhpháirtithe sóisialta in aistriú an mhargaidh saothair agus san idirphlé sóisialta (pointe 3.3.2 agus pointe 3.3.4).

3.4. *Treoirlíne 8: Comhionannas deiseanna do chách a chur chun cinn, an cuimsiú sóisialta a chothú agus an bhochtaineacht a chomhrac*

3.4.1. Tacaíonn CESE leis an iarraidh ón gCoimisiún go ndéanfaidh na Ballstáit margaí saothair cuimsitheacha atá oscailte do chách a chur chun cinn trí bhearta éifeachtacha a chur i bhfeidhm le dul i ngleic leis an uile shórt idirdhealaithe agus le comhdheiseanna a chothú do chách, go háirithe do na grúpaí sin atá faoi thearcionadaíocht sa mhargadh saothair. Ba cheart cóir chothrom a áirithiú i dtaca leis an bhfostaíocht, an chosaint shóisialta, an cúram sláinte, cúram leanaí, an cúram fadtéarmach, an t-oideachas agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear tithíocht, gan beann ar inscne, bunadh cinioch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh ([17]). Tá CESE ag iarraidh ar na Ballstáit rochtain ar sheirbhísí tacaíochta fostaíochta a fheabhsú trí, i measc nithe eile, úsáid níos leithne a bhaint as na cineálacha oibre tacaithe agus trí thacaíocht leanúnach a thabhairt don fhiontraíocht shóisialta.

3.4.2. Creideann CESE gur gá do na comhpháirtithe sóisialta, do na seirbhísí fostaíochta agus don tsochaí shibhialta i gcoitinne oibriú i gcomhar le chéile i margaí saothair cuimsitheacha má táthar chun teagmháil a dhéanamh le daoine neamhghníomhacha agus iad a imeascadh (athuair) sa mhargadh saothair. Poist ardcháilíochta agus scileanna a choinnítear cothrom le dáta trí bheith ag cur leo i gcónaí: sin an bealach is fearr le teacht slán as an mbochtaineacht, bealach a chuirfeadh le sásamh an duine, a d'áiritheodh rannpháirtíocht iomlán sa saol sóisialta agus a chinnteodh feidhmiú chearta an uile shaoránaigh.

3.4.3. Athdhearbhaíonn CESE an seasamh a glacadh i dtuairim SOC/737 maidir leis an gcomhionannas deiseanna do chách agus margaí saothair cuimsitheacha a chur chun cinn (pointe 3.4.1), maidir le cur chuige saincheaptha le haghaidh grúpaí leochaileacha (pointe 3.4.2), maidir le haghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht leanaí (pointe 3.4.5) agus maidir le haosú an daonra agus an tslándáil shóisialta (pointe 3.4.7).

An Bhruiséil, an 20 Meán Fómhair 2023.

An tUachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([17]) Treoirlíne 8.